Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 20 Meitheamh 2016
(OR. en)

10392/16

DEVGEN 139
COHAFA 46
ACP 93
RELEX 539
ALIM 14
AGRI 354
FAO 31
SAN 268

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	20 Meitheamh 2016
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10339/16
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil bia agus cothaithe - Conclúidí ón gComhairle (20 Meitheamh 2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil bia agus cothaithe, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3477ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 20 Meitheamh 2016.

Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil bia agus cothaithe

1. Is mór ag an gComhairle an dara tuarascáil dhébhliantúil chomhdhlúite maidir le gealltanais bheartais ón Aontas a chur chun feidhme i dtaca le slándáil bia agus cothaithe[1] agus is mór aici na gealltanais bheartais athnuaite i leith slándáil bia agus cothaithe. Is mór ag an gComhairle freisin gur cuireadh i láthair an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin mí Iúil 2014[2]. Ag aithint di an tábhacht a bhaineann leis na tuarascálacha sin mar uirlisí cuntasachta lena gcuirtear le cúnamh forbartha níos éifeachtaí, tar éis di torthaí feidhmíochta an Aontais le haghaidh na bliana 2014 a thabhairt dá haire agus ag meabhrú di na conclúidí dá cuid maidir leis an gcéad tuarascáil dhébhliantúil ar ghealltanais bheartais[3] ón Aontas a chur chun feidhme i dtaca le slándáil bia agus cothaithe, agus na conclúidí uaithi, ó bhí an bhliain 2010 ann, sa réimse beartais seo á meabhrú di, is iad seo a leanas na Conclúidí ón gComhairle:

Gealltanais bheartais ón Aontas a chur chun feidhme i dtaca le slándáil bia agus cothaithe, an dara tuarascáil dhébhliantúil

2. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh chun feabhas a chur ar shábháilteacht sholáthar bia an domhain agus léirítear san innéacs domhanda maidir leis an ocras go bhfuil leibhéal an ocrais tite de 27% ó bhí an bhliain 2000 ann. Is údar imní don Chomhairle é, áfach, go bhfuil líon iomlán na ndaoine atá thíos leis an ngannchothú ainsealach fós cothrom le 795 milliún. Is mór ag an gComhairle an dara tuarascáil chomhdhlúite ar bheartais an Aontais i dtaca le slándáil bia agus cothaithe agus go raibh tionchar ag an Aontas agus ag na Ballstáit ar chomhaontuithe domhanda agus ar ghealltanais dhomhanda a rinneadh in 2014 agus 2015 agus a bhí an-tábhachtach, agus go bhfuil a gcuid gealltanas athnuaite acu i dtaca le slándáil bia agus cothaithe agus go bhfuil feabhas suntasach curtha ag cuid acu, ó cuireadh an chéad tuarascáil i láthair, ar a gcur chuige agus ar an gcistiú a thugann siad. Tacaíonn an Chomhairle leis na moltaí sa tuarascáil agus is mian léi na saincheisteanna seo a leanas a léiriú:

---

1 9978/16 - COM (2016) 244 final.
2 9467/16.
3 9141/15.

2.1. Slándáil dhomhanda bia agus cothaithe a choimeád chun tosaigh ar chlár oibre an Aontais maidir le comhar um fhorbairt agus tacaigh go feiceálach le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) i gClár Oibre 2030. Agus na SFIanna mar phríomh-chreat acu, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a dtiomantas a dhéanamh níos follasaí i dtéarmaí torthaí a thuairisciú i ndáil le talmhaíocht, agus slándáil bia agus cothaithe. Agus an chaoi ina gcuireann rannchuidiú an Aontais le cáilíocht beatha i gcás leanaí crandaithe[4] agus feirmeoirí gabháltas beag (ar mná iad 50% díobh ar a laghad) á léiriú aige, iarrtar ar an gCoimisiún dul i mbun comhordaithe le Ballstáit an Aontais Eorpaigh chun go molfaidh sé comhtháscairí agus modheolaíochtaí éifeachtúla trína bhféadfaí comhiomlánú torthaí a éascú i leith na SFIanna ábhartha, go háirithe SFI2. Ba cheart go mbeadh an obair sin comhlántach leis an obair a rinneadh cheana ar na táscairí SFI.

2.2. Neart a chur le cur chuige comhtháite il-gheallsealbhóirí i leith aghaidh a thabhairt ar shlándáil bia agus cothaithe. Is gá don Aontas agus do na Ballstáit, in éineacht leis na rialtais chomhpháirtíochta oibriú ar bhonn réamhghníomhach le comhpháirtithe iltaobhacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheanmhéide, ionas go mbainfear amach infheistíochtaí inbhuanaithe agus torthaí marthanacha. Ba cheart go gcuirfí béim ar bhonn leanúnach ar ról na mban agus na hóige a athrú, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i suíomhanna leochaileacha agus i staideanna coinbhleachta, agus ba cheart go gcuirfí béim ar rochtain chothrom ar acmhainní a áirithiú do na mná agus go gcuirfí freisin leis an athléimneacht atá ag pobail leochaileacha i gcoinne na haeráide trí fhorbairt acmhainní chomh maith. D'fhéadfaí díriú sa chéad tuarascáil chur chun feidhme eile ar fhorbairt a dhéanamh ar shonraí bonnlíne a bhaineann le leibhéal rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus cur chuige comhtháite i leith na hathléimneachta aeráide mar aon le cleachtais talmhaíochta a théann chun leas an chothaithe a chur i bhfeidhm i gcláir uile an Aontais agus na mBallstát.

[4] Is éard is brí le crandú gannchothú ainsealach, a mbíonn meáchan íseal i gcomparáid le haois i gceist leis (sainmhíniú ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte).

2.3. Feabhas a chur ar shásraí le haghaidh dlús a chur le rannpháirtíocht fhreagrach na hearnála príobháidí agus le hinfheistíocht fhreagrach uathu, agus foghlaim ó mhúnlaí cuimsitheacha gnó. Oibríonn an tAontas agus na Ballstáit ar bhonn méadaitheach agus páirteach leis an earnáil phríobháideach chun athrú suntasach a chur chun cinn do theaghlaigh a dhéanann feirmeoireacht ar an mionchóir, agus tugann siad aird ar leith ar ról na mban i slándáil bia agus cothaithe agus ar an méid a rannchuidíonn siad leis sin. Sa chomhthéacs sin tá sé ríthábhachtach a áirithiú gur féidir le teaghlaigh a dhéanann feirmeoireacht ar an mionchóir leas a bhaint as slabhraí luacha freagracha intíre, réigiúnacha, domhanda agus cabhrú le fás cuimsitheach agus inbhuanaithe a sholáthar in earnáil na talmhaíochta. Maidir leis an méid sin tacaíonn an Chomhairle le comhpháirtíochtaí éifeachtúla príobháideacha-poiblí a chruthú lena n-áiritheofar sásraí rialachais trína mbeidh guth ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, tacaíonn sí le cur i bhfeidhm Phrionsabail na hInfheistíochta Freagraí i dTalmhaíocht agus Córais Bhia de chuid an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain agus le cur chun feidhme na dTreoirlínte Saorálacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándáil Náisiúnta an tSoláthair Bhia.

2.4. Aithníonn sí go bhfuil bunathrú tuaithe ina phróiseas ríthábhachtach i dtaca le poist chuibhiúla a chruthú, ioncaim agus fás eacnamaíoch a ardú agus cuspóirí slándála bia agus cothaithe a bhaint amach san fhadtéarma, go háirithe i dtaca le mná agus an óige. Tá naisc shuntasach ag an méid sin le haghaidh a thabhairt ar neamhionannas eacnamaíoch, ar an imirce agus ar uirbiú. Tá breis oibre de dhíth chun na dálaí a chruthú d'infheistíocht inbhuanaithe sa bhonneagar agus don fhorbairt sna réigiúin tuaithe. Ba cheart, go háirithe, an t-athrú aeráide a chur san áireamh agus straitéisí inbhuanaithe a fhorbairt chun é a chomhrac. Thairis sin, is fachtóir iad bagairtí sláinte trasteorann amhail frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

2.5. Infheistíocht leanúnach i dtaighde agus i nuálaíocht a áirithiú, lena n-áirítear digitiú, agus gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeacht na hinfheistíochta sin. Spreagann an Chomhairle an tAontas agus na Ballstáit oibriú le chéile chun cur leis an rochtain atá ag feirmeoirí ar an nuálaíocht agus chun neart a chur leis na comhpháirtíochtaí idir institiúidí Eorpacha agus institiúidí comhpháirtíochta taighde ar mhaithe le héifeachtúlacht fhadtéarmach.

2.6. Feabhas breise a chur ar chomhordú san Aontas agus sna Ballstáit agus ar chomhordú le deontóirí eile chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le slándáil bia agus cothaithe agus le forbairt talmhaíochta chomh maith. Maidir leis sin ba mhór ag an gComhairle é dá ndéanfaí tuilleadh oibre ar Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (CBF) agus ar Chlársceidealú Comhpháirteach[5]. Iarrann an Chomhairle ar Bhallstáit an Aontais tionscnaimh nó gníomhaíochtaí nithiúla a shaothrú - lena n-áirítear obair a dhéanamh le chéile ar anailís, ar idirphlé beartais, ar fhaireachán agus meastóireacht agus ar fheabhsú creataí torthaí - i gcúig thír chomhpháirtíochta ar a laghad le linn na chéad tréimhse tuairiscithe eile.

An Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Cothú

3. Is mór ag an gComhairle an anailís a rinneadh ar an staid mar atá agus na treochtaí a léiríodh i dtaca le crandú, suas go dtí 2025, le haghaidh gach ceann den daichead tír ar díríodh orthu sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cothú. Is uirlis chumhachtach í an anailís sin maidir le feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar threochtaí tíre agus ar réamh-mheastacháin maidir le crandú agus chun neart a chur leis an idirphlé idir na rialtais, an pobal deontóirí idirnáisiúnta agus geallsealbhóirí eile. D'fhéadfadh rialtais agus páirtithe leasmhara í a úsáid chun spriocanna réalaíocha náisiúnta a shainmhíniú i ndáil le crandú.

4. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfear neart ar an gcomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit i ndáil le sainmhíniú chlársceidealú an chothaithe agus na tosaíochtaí a bhaineann leis trí na ceachtanna a foghlaimíodh agus saineolas a mhalartú go háirithe maidir le huirlisí agus táscairí measúnaithe tioncair a bhaineann le cothú.

[5] 8831/16.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle na figiúirí don tréimhse 2010 go 2014[6] sa tuarascáil ón gCoimisiún ar an dul chun cinn maidir le hinfheistíochtaí sa chothú ag an Aontasagus molann sí go gcuirfear i bhfeidhm an mhodheolaíocht chomhpháirteach a comhaontaíodh sa Ghrúpa Deontóirí de chuid na Gluaiseachta um Chothú a Fheabhsú (SUN) chun comhleanúnachas a áirithiú i measc deontóirí. Spreagann an Chomhairle tuairisciú rialta ag an Aontas agus ag na Ballstáit maidir le gealltanais airgeadais a thugann siad i leith an chothaithe, go háirithe uathu siúd a thug gealltanais i gComhshocrú 2013 maidir le Cothú don Fhás. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuairisciú rialta a áirithiú a bheidh ar aon dul leis an tuarascáil reatha ar dhul chun cinn chun go gcuirfear ar an eolas é maidir leis an dul chun cinn i mbaint amach a chuid cuspóirí i ndáil lena bheartas cothaithe agus a chuspóirí airgeadais. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit freisin tuairisciú go rialta ar dhul chun cinn, ar thíortha a mbaineann tosaíocht leo agus ar earnálacha idirghabhálacha chun go gcuirfidh siad a gcuid gealltanas maidir le cothú i gcrích.

---

[6] 9978/16 ADD 1 - SWD (2016) 155 final. Déanann an tAontas tuairisciú ar na figiúirí infheistíochta maidir le cothú don tréimhse 2010 go 2014. B'ionann agus 454.57 milliún euro infheistíochtaí 2014. Tuairiscíodh an figiúr sin agus foilseofar é freisin sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Cothú Domhanda (GNR) 2015-2016. Thuairiscigh an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe figiúirí d'infheistíocht maidir le cothú le haghaidh GNR freisin agus feidhm á baint acu as an modheolaíocht tuairiscithe de chuid an Ghrúpa Deontóirí SUN.